

ROCKY ROS MUC
SEÁN Ó MAINNÍN

Rónán Mac Con Iomaire



Cló Iar-Chonnacht
Indreabhán
Conamara

An chéad chló 2013
© Cló Iar-Chonnacht 2013

ISBN 978-1-909367-68-5

Dearadh: Clifford Hayes / Deirdre Ní Thuathail
Dearadh clúdaigh: Clifford Hayes



Tá Cló Iar-Chonnacht buíoch de Fhoras na Gaeilge as tacaíocht airgeadais a chur ar fáil.



Faigheann Cló Iar-Chonnacht cabhair airgid ón gComhairle Ealaíon.

Tá an t-údar buíoch de Chlár na Leabhar Gaeilge (Foras na Gaeilge) as coimisiún a bhronnadh air i leith an tsaothair seo.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon bhealach ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur: Cló Iar-Chonnacht, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
Teil: 091-593307 Facs: 091-593362 r-phost: eolas@cic.ie
Priontáil: Castle Print, Gaillimh.

do Mháirín

CLÁR

Buíochas	9
Brollach	15
1. Ag Spearáil sa nGarraí Gamhna	19
2. Ros Muc	29
3. Buachaill Beag Bán	37
4. “B’ait an fear a bhí in Máirtín Thornton . . .”	49
5. An Saighdiúir	75
6. Boston, Éire	87
7. Connolly’s Gym	97
8. An Mob	111
9. Réalt Nua	123
10. Preab San Ól	137
11. El Nino	151
12. An Dlíodóir	173
13. Aiséirí	193
14. Na Ceithre Rí	209
15. An Margadh	229
16. Borscht	245
17. An Troid	263
18. Rocky Ros Muc	291
19. Scoilt	301
20. Maidin Domhnaigh i gClapham Common	311
21. Chríochnaigh Muid le Chéile	329
Eipealóg	351
Taifead Dornálaíochta Sheáin Uí Mhainnín	357

BUÍOCHAS

Ní raibh aithne ar bith agam ar Sheán Ó Mainnín nuair a thosaigh mé ag obair ar an leabhar seo, seachas gur casadh orm é agus mé naoi mbliana d'aois sa gCrannóg i Ros Muc an oíche úd i 1984 nuair a tháinig sé abhaile as Meiriceá tar éis na troda don chraobh dhomhanda.

Is aisteach an rud é, i bhfianaise an tslí ghairme a bhí aige, go mbeadh ort dul i bhfad sula dtiocfá ar fhear chomh humhal agus chomh cineálta leis. Chinn muid ó thús go gcaithfeadh muid beirt bheith oscailte agus ionraic lena chéile má bhí uainn toradh ceart a bheith againn ar an leabhar, agus cibé faoin leabhar, bhí Seán ionraic agus oscailte fiú nuair nach raibh sé éasca bheith mar sin i gcónaí. Go raibh míle maith agat, a Sheáin, a chara.

Ba mhaith liom buíochas mór a ghabháil le bean Sheáin freisin, Maureen, as a cuid eolais agus as a cuid tuisceana.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le muintir Sheáin a thug cúnamh dom agus mé ag obair ar an leabhar seo; le hEileen, Patrick, Áine, Carina agus Eva i Silloway Street as a bhflaithiúlacht agus as a gcuid ama; le Paddy agus Nellie i Ros Muc as a gcuid ama, a gcuid eolais agus as an leabhar gearrthóg breá; le Josie, Baib agus Nan as a gcuid eolais freisin.

Buíochas le Mike McCallum i Las Vegas as a chuid cuimhní cinn; le Tony Cardinale i mBoston; agus le Rick Mandris i Miami. Thug Patrick Nee léamh sainiúil dom ar South Boston ag deireadh na seachtóidí agus tús na n-ochtóidí – ba spéisiúil an bricfeasta leis é.

Buíochas le James, Erin, Méabh, Aoife, agus Éamon as a gcuid comhludair agus cúnaimh i Pembroke, MA.

Buíochas le Michael McLaughlin a lig cead dom cur as dá chuid seisiún traenála agus é ar an mbóthar céanna leis an fear as Ros Muc atá ina chúinne.

Buíochas le lucht na cartlainne in RTÉ Raidió na Gaeltachta a tháinig ar thaifid luachmhara dom. Do Sheán Bán Breathnach a roinn a chuid cuimhní cinn ar an dá throid de chuid Sheáin Uí Mhainnín a craoladh beo ar Raidió na Gaeltachta i lár na n-ochtóidí. Buíochas le Nuacht TG4 a chuir cóip de chlár faisnéise Róisín Ní Eadhra faoi Sheán, *Aisling Ghéar*, ar fáil.

Buíochas le Leabharlann na Ceathrún Rua a chuir an sárbhailiúchán d'irisí áitiúla atá cruinnithe acu ar fáil. Buíochas le Máire agus Breandán Feirtéir as na leabhair a chur siad ar fáil dom agus mé i mbun taighde.

Buíochas le Colm Ó Súilleabháin agus a bhean, Nóirín, a chuir fáilte romham ag a dteach agus a thug eolas luachmhar dom ar bhunú Chlub Dornálaíochta na bPíarsach. Buíochas freisin le Colman Ó Flatharta agus Josie Ó Giobúin as a gcuid eolais maidir le Mike Flaherty agus bunú an chumainn dornálaíochta.

Buíochas le Danny Long, Michael Newell, Joe Finnerty, Pádraic Tom Bán Breathnach agus Michael Reaney a roinn a gcuid cuimhní liom sa Twelve Bens i Dorchester. Buíochas le Joe Mulkerrins, Colm Mhary Mannion, Tommy óg Mellett, Máirtín Khate Conroy, Peter Kerr agus Paddy Mac Craith a

tháinig le chéile sa nGoalpost i Quincy chun a gcuid eolais a roinnt.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Lochlainn Ó Tuairisg, le Micheál Ó Conghaile, le Deirdre, Bridget, Lisa, Áine agus chuile dhuine i gCló Iar-Chonnacht as a gcuid tacaíochta agus a gcuid sároibre. Tá mé thar a bheith buíoch freisin d'Fhoras na Gaeilge as coimisiún a chur ar fáil i leith an tsaothair seo.

Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil leis an gceathrar a léigh na caibidlí de réir mar a bhí siad á scríobh, agus a thug aiseolas agus a chuir comhairle orm ó thús. Sin iad mo bhean céile, Máirín, mo sheanchara Breandán, agus mo mháthair agus m'athair, Mairéad agus Tomás.

Tá mé fíorbhuíoch go háirithe de Mháirín, a thug an t-am agus an spreagadh dom an leabhar a scríobh, a chuir comhairle orm nuair a bhí sí ag teastáil agus a d'fhág go raibh deireadh seachtainí ar fáil dom, rud luachmhar i dteach le beirt leaids óga!

Rónán Mac Con Iomaire
Samhain 2013

Amhrán Sheáin Uí Mhainnín

*Beidh cáil ar Chonamara má bhíonn dornálaíocht ann choich',
B'ait an fear a bhí in Máirtín Thornton is ba mhaith é Máirtín Nee,
Ach tá dornálaí an-damanta againn is déanfaidh mé air trácht,
Sé Seán Ó Maimín as Ros Muc is mairfidh a cháil go brách.*

*Ó, rugadh i gCill Bhriocáin é i míle naoi gcéad caoga seacht,
D'fhás sé suas sa mbaile sin, is ann a fuair an dreach,
Ó, throid sé ann mar ógánach is ba dheacair é a chloí,
Tá buíochas mór ag dul ar ndóigh do Mhichael Flaherty.*

*Go deo thú, a Mhike Flaherty, mar thug tú dó an treoir,
Thaispeáin tú dhó na cleasannaí go misniúil is go cóir,
Tá an stíl sin fanta fós aige is nach aoibhinn é le rá,
Tá cáilíocht bainte amach aige i mBoston Mheiriceá.*

*Mo ghrá thú, a Sheáin Uí Mhainnín, ó, bheirim leat an barr,
Ní raibh sé riamh in Éirinn againn aon dornálaí ní b'fhearr,
Chomh stuama agus chomh haclaí leat, is an fuinneamh a bhí i do chnáimh,
Is nach iomaí fear a leag tú amach le brí agus spreac' do láimh.*

*Is iomaí troid atá gnóite agat nach dtráchtfar orthu choiche,
Lucht nuachtáin agus teilifís níor dhúirt siad mórán faoi,
Ach leanfaidh siad anois thú is beidh siad ag inseacht do scéal do chách,
Is gurb éard a deir an seanfhocal, "Is fearr go deireanach ná go brách."*

*Nach aoibhinn aerach é Ros Muc is mar shin go bhfana sé,
Tá lúcháir ar na daoine ann is cé a thógfadh orthu é,
Beidh ceol i gcaitheamh na seachtaine ann, pléaráca is tinte cnámh,
Beidh an laoch ag teacht abhaile is craobh an domhain aige ina láimh.*

RÓNÁN MAC CON IOMAIRÉ

*Tá deireadh anois le m'amhránsa agus críochnóidh mé an dán,
Ó, guím chuile bheannacht air gach troid a mbeidh sé ann,
Tá Conamara ar an mapa aige is ní ghlanfar é de choiche,
Ó, ghnóthaigh sé an cath ag troid do na datha uaine, bán is buí.*

Ciarán Ó Fátharta, 1984

BROLLACH

Agus muid ag tiomáint síos East Broadway, trí lár South Boston, ag breathnú ar na háiteanna ina mbíodh Seán Ó Mainnín ag spearáil le rógairí Southie – le baill de bhuíon Whitey Bulger – stop an carr a bhí amach romhainn go tobann. Bhí carr mór bán stoptha i lár an bhóthair roimhe. Nuair a thosaigh an fear a bhí romhainn ag bípáil, d’oscail doras an chairr a bhí stoptha. Tháinig fear amach as.

“Shut the fuck up, you asshole.”

Bhí a dhá láimh in airde ag an bhfear a bhí amuigh as an gcarr agus é ina sheasamh i lár an bhóthair, an dá mhéar láir crochta i chaon láimh agus dírithe aige ar an té a bhí ag bípeáil.

“Fuck you, motherfucker!”

Thosaigh Seán ag gáire le mo thaobh.

“Sin é Joey DeGrandis. Throid sé sin trí huaire don *world title*. Bhínn ag spearáil leis fadó. Dá mbeadh a fhios ag mo dhuine cé air a bhfuil sé ag bípeáil, stopfadh sé. Tá an fear sin tobann go maith.”

Tharraing muid amach as an trácht agus d’fhág DeGrandis agus an fear eile ag sárú ar a chéile. Síos chuig an giom ina mbíodh Seán ag traenáil sna 1980idí a bhí muid ag dul, giom nua Peter Welch lena thaobh.

Is fada an lá dúnta giom Jimmy Connolly, thuas ar an gceathrú hurlár i bhfoirgneamh ar 383 Dorchester Avenue. Chuaigh muid isteach chuig giom Welch béal dorais. Bhí an halla pacáilte. I lár an tseomra, bhí fainne a bhí lán de ghasúir óga, díocas dornálaíochta orthu ar fad. Timpeall le balla, bhí málaí troma crochta ó ghiarsaí, leaideanna óga á mbualadh mar a bheadh Dia á rá leo. Bheadh Seán ar ais níos deireanaí sa tráthnóna ann, ag traenáil leaid as Dún na nGall, Michael McLaughlin, fear óg eile a tháinig go Meiriceá ar thóir bhrionglóid na dornálaíochta.

“Hey, are you Seán Mannion?”

Tháinig fear aníos againn agus cailín beag leis.

“This is my daughter, she really wanted to meet you, she sees your photos on the walls in here.”

Chroith Seán lámh an fhir, d’fhiafraigh sé den chailín cén aois a bhí sí.

Bhí póstaer crochta chuile áit ar bhallaí an giom, iad ag fógairt troideanna móra ó na laethanta a bhí caite. Marvin Hagler. Rocky Marciano. Séan Ó Mainnín. “Rosmuc” scríofa ar chuile phóstaer leis a bhí ar an mballa.

“Mannion!”

Tháinig búir aníos ó chúl an tseomra. Ina shuí síos, bhí fathach fir agus meangadh gáire air, caipín olna tarraingthe anuas ar a bhaitheas.

“Seán Mannion, how the fuck are you?”

D’éirigh sé. Chroith siad lámh.

“Hello, Kevin, long time no see.”

Kevin McBride, iarsheaimpín trom-mheáchain Mheiriceá agus na hÉireann, a bhuail agus a leag go talamh Mike Tyson in 2005. Ní dheachaigh Tyson isteach sa bhfainne ní ba mhó ina dhiaidh sin.

Chuir Seán in aithne dom é agus d’inis dó céard a bhí ar bun i mBoston agam.

“They should put up a statue of Seán in Galway,” a dúirt McBride, “and you can put that in your book.

“This man is a fucking legend.”

1.

AG SPEÁRÁIL SA NGARRAÍ GAMHNA

Ní bean throdach a bhí i máthair Sheáin Uí Mhainnín, fiú má shaolaigh sí fear a raibh a shaol fite fuaite sa bhfórrántacht. Fós féin, lean trodaíocht Teresa Uí Mhainnín mar a leanfadh bó buicéad.

I 4 Brady's Court i gceantar an Duga Theas i mBaile Átha Cliath a rugadh Teresa McGrath Déardaoin Naofa 1916, ceithre lá sular léigh Pádraig Mac Piarais amach os ard Forógra na Poblachta os comhair Ard-Oifig an Phoist. San éirí amach a lean, rinne buíon d'arm na Breataine ruathar ar an teach inar rugadh í, áit a raibh a máthair fós ag teacht chuici féin sa leaba i ndiaidh na breithe. Tarraingíodh amach as an leaba a máthair agus bhásaigh sí de bharr a cuid gortuithe.

Trí bliana fichead ina dhiaidh sin, bhí dorchadas na cogaiachta ina scáth arís ar shaol Teresa McGrath. An t-am seo, an Dara Cogadh Domhanda. D'ionsaigh an Ghearmáin an Pholainn i 1939 agus ní raibh Neville Chamberlain in ann géilleadh a thuilleadh do Hitler. Thosaigh an cogadh sa bhfómhar, agus de bharr faitíos ar na húdaráis ann go

bhfágfadh an cogadh go mbeadh ionsaithe aeir i ndán do chathracha na tíre, agus do Londain go háirithe, cuireadh i bhfeidhm Operation Pied Piper. Faoi seo, thógfaí na leanaí ar fad i Londain amach as an gcathair agus thabharfaí go láithreacha sábháilte faoin tuath iad.

Ina cónaí i Londain ag an am a bhí Teresa, í pósta le dhá bhliain le Peaitín Tom Mhártain Ó Mainnín as Ros Muc, Conamara. Nuair a thug na húdaráis ann le fios dóibh go dtógfaí a n-iníon nuabheirthe, Mary, uathu mar gheall ar an gcogadh agus go mbogfaí amach as Londain í, d'fhág siad saol Shasana ina ndiaidh thar oíche agus d'éalaigh siad siar go hÉirinn.

Faoi dhó a d'fhág an chogaíocht gur cuireadh Teresa McGrath den chosán ar a raibh a saol ag taisteal. Ba bheag fios a bhí aici agus í ag dul ar bord loinge i Holyhead i 1939 nach amháin go raibh sí ag tabhairt a cúil don Bhreatain, ach go raibh sí ag socrú iomaire as a bhfásfadh duine de na dornálaithe ba mhisniúla as Éirinn.



Ar an 22 Meán Fómhair 1927, troideadh ceann de na comórtais dornálaíochta ba mhó le rá riamh sa spórt. Thug Gene Tunney aghaidh ar Jack Dempsey i Soldier's Field i Chicago, agus is beag fios a bhí ag duine ar bith ag an am ar an tionchar a bheadh ag “The Long Count Fight” ar chúrsaí dornálaíochta i Ros Muc Chonamara.

Bliain díreach roimh an troid, bhuaíl Tunney Dempsey go héasca thar dheich mbabhta i Philadelphia. D'fhág an slua de 120,727, an líon is mó daoine riamh a d'fhreastail ar throid dornálaíochta, nach raibh aon cheist ann ach go dtroidfeadh an bheirt arís. Bhí níos mó ná Tunney agus Dempsey páirteach sa troid seo, áfach. Bogadh an chéad bhabhta ó Chicago go

Philadelphia de bharr inní faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag Al Capone ar an gcomórtas. Go deimhin, nuair a rinneadh an cinneadh an dara troid a chur ar siúl i Chicago, athraíodh an réiteoir ag an nóiméad deireanach de bharr ráflaí go raibh toradh na troda socraithe roimh ré ag Capone.

Bhí éileamh ollmhór ar thicéid. Socraíodh an fáinne i Soldier's Field, an staid ba mhó i Chicago, agus tógadh \$2.6 milliún ar an ngeata, an suim ba mhó riamh a tugadh isteach ar throid dornálaíochta.

I measc an 104,943 duine a bhí ag breathnú ar an gcoimhlint i Soldier's Field, bhí an fear a bheadh mar athair ag Seán Ó Mainnín, Peaitín Tom Mhártain. Bhí Peaitín ag obair i mBoston ag an am, agus nuair a chuala sé faoin troid bhí a fhios aige ar an bpointe boise go raibh sé chun tabhairt faoin aistear fada go lár Mheiriceá. Ba mhór an mhaith go ndeachaigh. Chuaigh an méid a chonaic sé i Chicago i bhfeidhm air den chuid eile dá shaol. Bhí an lámh in uachtar ag Tunney, de dhúchas Mhaigh Eo, do na chéad sé bhabhta, an chuma ar rudaí go gcríochnódh an troid mórán mar a chríochnaigh an chéad chomórtas idir an bheirt. Ach sa seachtú babhta, rug Dempsey air le ceithre dhorn as a chéile ar an smig, agus chuir ceithre dhorn eile ar an gcanbhás é. Den chéad uair ó thosaigh sé ag dornálaíocht go gairmiúil, bhí Tunney leagtha go talamh. Ach ba é an méid a tharla ina dhiaidh sin a d'fhág go mbeadh caint ar an troid go dtí an lá atá inniu ann, agus go mbeadh athair ag inseacht an scéil dá mhac arís agus arís eile, i bhfad ó Soldier's Field, i gCill Bhriocáin, Ros Muc.

Bhí rialacha nua dornálaíochta curtha i bhfeidhm go gairid roimh an troid idir Dempsey agus Tunney. Chaithfeadh dornálaí dul go dtí an cúinne neodrach sula gcuirfi tús le haon chomhaireamh as sin amach. Ba léir nach raibh Dempsey ar an

eolas, nó go ndearna sé dearmad faoin rial nua, agus nuair a leag sé Tunney, d'fhan sé ina sheasamh lena thaobh. Ní raibh Dave Barry, an réiteoir, in ann tús a chur leis an gcomhaireamh go dtí go n-imeodh Dempsey go dtí an cúinne neodrach, agus faoin am ar thosaigh sé ag comhaireamh, bhí cúig shoicind caite ag Tunney ar an talamh. Bhí comhartha ag an réiteoir go dtí naoi faoin am ar tháinig an dornálaí chuige féin agus gur éirigh sé.

Ceithre soicind déag a bhí caite ag Gene Tunney ar an gcanbhás. D'éirigh sé, leag sé Dempsey sa gcéad bhabhta eile, agus cé gur éirigh Dempsey, bhuaigh Tunney an troid ar bhreith d'aon ghuth. Ba é an troid dheireanach ag Jack Dempsey é.

Blianta ina dhiaidh sin, thiar i gCill Bhriocáin, Ros Muc, bheadh Seán óg Ó Mainnín ag éisteacht leis an scéal seo, mórán ón lá ar rugadh é. Bhí sé faoi gheasa ag an dornálaíocht ón tús.



Tuairim agus leathchiliméadar síos bóthar Shnámh Bó i Ros Muc, tá teachín beag bán le doras dearg agus fuinneoga dearga. Ar thaobh na láimhe deise agus tú ag teacht anuas ón mbóthar mór atá an teach, ceann since in ionad an tuí a bhí air tráth. Tá an gairdín atá ar aghaidh an bhóthair imithe i bhfiántas de bheagán, driseacha agus *rhododendron* i mbun iomaíochta agus iad ag iarraidh an ceann is fearr a fháil ar an sconsa ar aghaidh an tí.

Níl aon chónaí sa teach inniu, agus ní mórán méid atá ann. Teach beag saoire b'fhéidir, a déarfá, do dhuine éigin a thiocthadh anuas ó Bhaile Átha Cliath go Ros Muc don deireadh seachtaine. Ach ní haon teach saoire a bhí anseo. Nuair a theith Peaitín Tom Ó Mainnín Sasana i 1939, i gcuideachta a mhná, Teresa, agus a n-iníon, Mary, thóg siad

teachín dhá sheomra codlata i Ros Muc. Ní hé go raibh aon deifir siar abhaile ar Pheaitín nuair a d'fhág sé Londain. Ní raibh sé i gceist aige dul siar thar Bhaile Átha Cliath nuair a tháinig siad den bhád ó Holyhead, ach chuir a bhean cosa i dtaca. Téigh siar liom, a dúirt Teresa leis, nó bí asat féin i mBaile Átha Cliath. Chuaigh siad siar.

Nuair a tháinig an lánúin óg abhaile, bhog siad isteach i dteach mhuintir Pheaitín i gCill Bhriocáin. Teach breá, dhá stór, ceann slinne agus cúig sheomra codlata. Sa teach sin, bhí beirt dheartháireacha le Peaitín, Tomás agus Cóilín, agus máthair Pheaitín, Eileen. Ní raibh focal Béarla ag Eileen, agus ní raibh focal Gaeilge ag an mbean nua sa teach, Teresa. Ní raibh sí i bhfad á foghlaim.

Ba ghearr gur saolaíodh an dara leanbh do Pheaitín agus Teresa, Tommy, deartháir agus comhluadar dá n-iníon, Mary. Bhí sé soiléir sula i bhfad do Pheaitín nach raibh a chuid deartháireacha chun pósadh agus gur i dteach na muintire a d'fhanfaidís go deireadh a saoil. Bhí sé in am aige a nead féin a thógáil, a dúirt sé leis féin, agus suíomh aimsithe do theach nua aige síos an bóthar ar bhóthar Shnámh Bó.

Dhá sheomra a bhí sa teach nua, agus ní raibh sé i bhfad á líonadh ag glórtha óga. Shaolaigh Teresa dhá dhuine dhéag clainne. Ar an 6 Deireadh Fómhair 1956, rugadh Seán Ó Mainnín di san ospidéal i gcathair na Gaillimhe. Sé phunt, trí unsa a bhí sé, mullach bán gruaige, agus tugadh suntas do na doirn mhóra a bhí ar an leanbh.

Nuair a bhí sé trí bliana d'aois, bhog an chlann aníos as teach bhóthar Shnámh Bó go dtí teach na muintire i gCill Bhriocáin. Ní cuimhin le Seán rud ar bith óna am i Snámh Bó ach an lá ar fhág sé an teach sin, é féin agus a dheirfiúr Josie ag rith le taobh an chairrín asail a bhí ag tabhairt a raibh acu go dtí an teach nua.

Bhí an saol a bhí ag Seán ina ghasúr i Ros Muc mórán mar a chéile le saol aon ghasúr eile ar an mbaile, ach is beag leanbh a d'aithneodh an saol céanna sa lá atá inniu ann. Ar na caithimh aimsire a bhí aige, théadh sé féin agus a chairde síos go reilig Chill Bhriocáin ag breathnú ar na leachtanna os cionn na n-uaigneanna agus ag déanamh amach cérbh as na daoine a bhí curtha iontu. D'athraídís cocaí féir ó gharraí amháin go garraí eile, ag diabhláiocht ar sheanbhaitsiléirí.

Bhí tobar beannaithe sa reilig, tobar Bhriocáin, agus is iomaí duine a dhéanadh turas ann. Nuair a bhíodh an turas déanta acu, chaithidís pingin nó leithphingin síos sa tobar. Ag breathnú air seo ar fad, mar a bheadh seabhac ag faire ar luch, bhíodh Seán agus a dheartháir Colm. Trasna an bhóthair uathu, bhí dhá sheabhac eile, Colm Tom Mhicil agus Tomáísín Pháidí. Nuair a d'fhágadh na hoilithrigh an reilig, thosaíodh an rás. Bhíodh sé déanta soir i dtosach níos minice ná a mhalairt ag na Mainínigh, áfach, an t-airgead tógtha acu agus iad ar a mbealach siar tigh shiopa Mháirtín Thomáísín ar thóir *penny bars*.

Ach ní raibh ceist ar bith faoin gcaitheamh aimsire ba mhó a bhí ag Seán agus a chuid cairde agus iad ag éirí aníos i Ros Muc. Dornálaíocht.

“Bhíodh muid ag speáráil mar a bheadh gasúr eile ag imirt peile,” a deir sé. “Bhíodh muid ag speáráil sna garrantaí, ag speáráil ar an tsráid, áit ar bith a d'fhéadfadh muid.

“Bhínn féin, Martin Mhaidhcó Pheige agus na leaids eile ar an mbaile ag speáráil sa nGarraí Gamhna. Bhíodh sé ina réabadh ansin. Bhíodh muid uair an chloig ag marú a chéile, go dtí go ndéarfadh fear eicint, ‘Tá bhur ndóthain anocht agaibh.’ Sin an *round* a bhíodh againn, ní stopfadh muid ar chor ar bith murach sin.”

Bhí deartháir le Seán, Paddy, ag obair i monarcha

fíodóireachta i gCill Bhriocáin, agus nuair a bhí Seán aon bhliain déag d'aois, cheannaigh Paddy agus a chuid comhghleacaithe oibre péire miotóga dornálaíochta eatarthu. Chuile dheireadh seachtaine, bhíodh cead ag duine éigin ón monarcha na miotóga a thabhairt abhaile leis. Ba mhaith an deireadh seachtaine a bhíodh tigh Mhainnín nuair a bhíodh na miotóga ag teacht aníos chuig an teach ag Paddy. Roinnt blianta ina dhiaidh sin, sheol deartháir eile le Seán, Tommy, péire miotóga an duine abhaile as Boston Mheiriceá chuig an mbeirt is óige sa gclann, Seán agus Colm. Ní raibh an dá bhliain féin idir Seán agus Colm.

“Bhínn féin agus Colm ag spearáil i gcónaí. Tá chuile sheans go raibh Colm níos fearr ná mise ag dornálaíocht, ach nach raibh an oiread spéise aige ann. Cuimhneoidh mé go deo orm féin agus é féin ag spearáil sa ngarraí le taobh an tí tar éis am dinnéir Dé Domhnaigh. Bhí m’athair agus Mike Flaherty tar éis teacht ó [theach tábhairne] tigh Mhaidhcó. Bhíodh faisean agamsa mo lámha a bheith thíos i gcónaí agam agus bhídís ag iarraidh orm iad a choinneáil suas i gcónaí.

“Agus na lámha thíos agam, thosaigh an bheirt ag rá, ‘Tá sé ag déanamh aithris ar Muhammad Ali.’ Bhí siad ag iarraidh olc a chur orm. Chaill mise an bloc, ach sé Colm a d’íoc as, bhuaíl mé iarraidh isteach ar an tsrón air agus chuir mé ag caoineadh é. Thart ar aon bhliain déag a bhí mé. Gortaíonn sé sin i gcónaí mé, cuimhním go dtí an lá atá inniu air. Chaith mé na miotóga díom, thosaigh mé féin ag caoineadh mar go raibh Colm ag caoineadh. Spréach mé le m’athair agus le Mike Flaherty. Ach más ea, chuir muid ar ais na miotóga orainn féin an oíche dár gcionn.”

Am gnóthach a bhí ann i dteach mhuintir Uí Mhainnín i gCill Bhriocáin. Cé, faoi thús na 1970idí, go raibh seisear den chlann bogtha amach, bhí bean an tí ag freastal ar ochtar fear

sa teach. Bhí ceathrar mac léi sa mbaile, Seán, Colm, Briocán agus Paddy, chomh maith lena fear céile agus beirt dheartháireacha lena fear, Tomáisín agus Cólín. Ansin, tháinig an scéala as Meiriceá go raibh stróc faighte ag deartháir eile le Peaitín, Michaelín, agus gur cuireadh i dteach altranais é. Ní raibh Peaitín sásta go mbeadh aon deartháir leis i dteach altranais agus chuaigh sé anonn go dtabharfadh sé Michaelín abhaile go Cill Bhriocáin.

Nuair a thagadh an samhradh, bhíodh níos mó fós sa teach cúig sheomra codlata, agus dháréag scoláirí Gaeilge, a bhí ag freastal ar Choláiste na bhFiann i Ros Muc, ag fanacht ann freisin. Den chuid is mó, bhaineadh Seán agus a chuid deartháireacha an-cheart as na Gaeilgeoirí. Lá amháin, áfach, agus na Gaeilgeoirí imithe ar thuras lae, thóg Seán leis ar iasacht rothar duine acu. Nuair a tháinig an scoláire abhaile ón turas, ní raibh sé i bhfad gur chuala sé go raibh an rothar crochta leis ag an leaid óg. Scaoil sé cúpla cic ar Sheán amuigh ar an tsráid agus dúirt leis gan dul gar dá rothar arís. Bhí racht feirge ar an leaid óg, agus chuaigh sé isteach sa teach chun clamhsán a dhéanamh lena athair.

“Ná tar agamsa ag rá gur bhuail duine eicint tú,” a dúirt Peaitín leis. “Cén fáth nár bhuail tú ar ais é?”

“An bhfuil cead agam?”

“Tá cinnte. Cén fáth nach mbeadh?”

Chuaigh Seán amach ar an tsráid go dtí gur tháinig sé ar an scoláire. Baineadh siar as buachaill Bhaile Átha Cliath nuair a thosaigh an leaidín beag á bhualadh. Bhí an scoláire tuairim agus trí bliana ní ba shine ná Seán, agus bhí sé ag tabhairt marú don Mainnínéach óg, ach ní raibh Seán chun géilleadh.

“Thóg sé píosa maith, ach fuair mé an ceann is fearr sa deireadh air.”



Ba iad deireadh na 1960idí agus tús na 1970idí ceann de na réanna órga sin a thagann chun cinn sa dornálaíocht ó am go chéile. Ag grád an trom-mheáchain as féin, bhí Muhammad Ali, Sonny Liston, Joe Frazier agus Floyd Patterson i mbarr réime. I Meiriceá, seachas sa mBreatain, a bhí an borradh áirithe seo faoin spórt, agus cé go raibh luí go stairiúil ag lucht leanúna dornálaíochta na hÉireann leis an spórt i Sasana, d'fhág meascán den imirce agus den teilifís go mba ghaire Boston ná Brixton do mhuintir Ros Muc ag an am.

Ag tús na bliana 1968, bhí troid de chuid Muhammad Ali á taispeáint ar theilifís na hÉireann. Oíche fhuar, chrua a bhí inti i Ros Muc, agus bhí Seán agus Colm ag spearáil arís, ag déanamh aithris ar an laoch a bhí ar an mbosca. Ba bheag aird a bhí siad a thabhairt ar an troid, níos mó suime acu ina gcoimhlint féin, ach bhí siad ag crochadh an chloiginn dá máthair agus dá n-athair a bhí ag iarraidh a bheith ag breathnú ar an teilifís.

“As ucht Dé oraibh, éirígí as nó ar a laghad bigí ciúin,” a d'fhógair Peaitín orthu. Ba bheag aird a thug na dornálaithe óga ar réiteoirí an tseomra suite, áfach. De réir mar a bhí an troid ar an teilifís ag dul ar aghaidh, bhí Ali ag fáil an cheann is fearr ar a chéile comhraic. Bhí rudaí ní ba chothroime idir an bheirt i Ros Muc.

Mar bharr ar an ngleo ar fad, rith deartháireacha Sheáin Paddy agus Briocán isteach sa teach. Bhí an bheirt gan anáil, an bheirt ag teacht leis an teachtaireacht chéanna.

“Tá Michael Choilmín ag tosú club dornálaíochta Dé Máirt seo chugainn thíos ag an tseanscoil.”

“Má tá,” a deir Peaitín agus é ag breathnú ar an mbeirt mhac ab óige aige, iad báite le hallas, miotóg an duine orthu, “beidh an bheirt agaibhse istigh ann.”

2. ROS MUC

Nuair a shiúil Seán Ó Mainnín isteach sa bhfáinne i Madison Square Garden i Nua-Eabhrac ar an 19 Deireadh Fómhair 1984, bhí focal amháin scríofa ar a bhásta. “Rosmuc”. Ar fud na cruinne, bhí na milliúin duine ag féachaint ar an teilifís, ag fanacht ar throid. In Iamáice agus in Éirinn, bhíodar ag fanacht ar Ó Mainnín v McCallum. I Meiriceá agus sa tSiria, ag fanacht ar an troid ní ba dheireanaí an oíche sin idir Marvin Hagler agus Mustafa Hamsho a bhí siad. Ach bhí an cheist chéanna ar bharr chuile theanga: “Rosmuc?”



Seasca ciliméadar siar ó chathair na Gaillimhe, ar imeall thiar na hEorpa, atá ceantar Ros Muc. Tá rud amháin ríshoiléir nuair a bhaineann tú an áit amach. Fiú agus an taoille eacnamaíochta a thug rachmas go hÉirinn a bheith tráite go maith faoi seo, is léir gur beag d’fharraige an tsaibhris a chonaic Ros Muc nuair a bhí sí ina lán mara. Ag tiomáint tríd an gceantar, tabharfaidh tú faoi deara níos mó tithe údarás áitiúil ná mar atá i gceantair eile, tabharfaidh tú faoi deara níos mó

fear ag úsáid rothair mar mhodh iompair seachas mar chaitheamh aimsire. Tabharfaidh tú faoi deara tithe tréigthe, monarchana dúnta. As seo a fáisceadh Seán Ó Mainnín.

Ní haon mhasla do mhuintir Ros Muc é a rá go bhfuil an ceantar níos boichte ná mórán aon cheantar Gaeltachta eile. Tá a fhios acu féin é. Easpa fostaíochta nó easpa uisce glan nó easpa airde, is minic easpa éigin a bheith ann. Tá íoróin ag baint leis gur eagrais forbairt pobail a bhíodh ar na fostóirí is fearr ar an mbaile, mar gur beag forbairt, tionsclaíoch nó eile, atá tagtha ar Ros Muc thar na blianta. Tá monarchana tagtha agus imithe chomh sciobtha céanna beagnach. Is léiriú ar fhadhbanna an cheantair é nach bhfuil ach trí ghnó fhadhbhunaithe ann: dhá theach tábhairne agus siopa.

Ní haon rud nua Ros Muc a bheith buailte ag easpa. Bhí sé “ar áit de na háiteanna ba bhoichte san Eoraip” ag deireadh an naoú haoise déag, dar leis an scríbhneoir Criostóir Mac Aonghusa. I 1943, scríobh an réabhlóidí as Ros Muc Colm Ó Gaora ina dhírbeathaisnéis, *Mise*, faoina bhaile dúchais go mbíonn “ar na fíorbhochtáin a gcuid tae a ól dubh agus is iomaí teach nach bhfaca bó bhainne riamh ina seilbh.”

Ar an 23 Nollaig 1996, a thuairisc an *Irish Times*, de réir staidéir de chuid Cumas, bhí ráta 48% dífhostaíochta i Ros Muc, i gcomparáid le 15% ar an Spidéal, baile eile Gaeltachta tríocha ciliméadar soir an bóthar. Mar an gcéanna, nuair a bhí an líon daoine i gceantair eile Ghaeltachta ag méadú idir 1981 agus 1996, thit daonra Ros Muc 25%. Ceathrú cuid.

Is beag ionadh mar sin go bhfuil cáil na heaspa bainte amach go hidirnáisiúnta ag Ros Muc. Nuair a bhí an *New York Times*, ar 21 Samhain 1991, ag déanamh anailíse ar an tionchar a bheadh ag an gconradh Eorpach Conradh Maastricht ar Éirinn, ar an gceantar seo a dhírigh siad a n-aird: